Féadann burgair, ispíní, feoil fhuar etc. a bheith ar fáil do bhéile an tráthnóna agus dáiltear sneaic ina dhiaidh sin, a bhíonn mar arán le feoil fhuar nó cáis de ghnáth, a fhéadann na príosúnaigh a thabhairt ar ais chuig a gcillíní.

Déanann na hÚdaráis Sláinte cigireacht rialta ar an áis agus ní aimsítear aon deacrachtaí. Ina theannta sin, fuair sí an Comhartha Q agus is féidir le príosúnaigh a oibríonn inti creidiúnú ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a ghnóthú.

Cóiríocht:

Tá toilleadh oibríochtúil 217 príosúnach ag Foras Naomh Pádraig. Tá sé roinnte ina 3 Rannóg agus tá a cuspóir ar leith féin ag gach ceann acu. Mar gheall ar an deighilt seo, is cosúil go minic go bhfuil toilleadh spártha sa Phríosún ach, ós rud é nach bhfuil sé ceadaithe cineálacha éagsúla príosúnach a chur le chéile, ní hamhlaidh atá.

Tá Rannóg B curtha in áirithe do phríosúnaigh atá 17 mbliana d'aois. I rith 2012, aistríodh gach duine a bhí 16 bliana d'aois chuig Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh. Is é rún Sheirbhís Phríosúin na hÉireann go n-aistreofaí gach duine atá 17 mbliana d'aois chuige a luaithe is a bheadh áiseanna ar fáil. Tá cóiríocht ar fáil do thuairim is 27 príosúnach inti faoi láthair.

Is do phríosúnaigh lonnaithe i mBaile Átha Cliath go príomha atá Rannóg C ach is do phríosúnaigh a dteastaíonn cosaint uathu atá C3. Tá cuid mhór príosúnach i bhForas Naomh Pádraig á mbagairt ag príosúnaigh eile, mar gheall ar theagmhais lasmuigh den phríosún nó mar gheall ar theagmhais a tharla laistigh de. De ghnáth, bíonn

Príosúnaigh faoi Chosaint faoi ghlas 23 uair sa lá, cé is moite d’am a chaitear i seomraí ranga. Is cúis aiféala é gurb iad na híospartaigh na daoine a fhulaingíonn an pionós seo go minic.

Is crios saor ó dhrugaí é urlár amháin de Rannóg D. Coimeádtar príosúnaigh ar athchur i Rannóg D freisin.

Is limistéar leathbhonnlaigh é an tAonad seo ina bhfuil 14 chillín i dteannta 2 Chillín Breathnaithe Speisialta. Tugann an tAonad cóiríocht do phríosúnaigh nach féidir cead a thabhairt dóibh a bheith le príosúnaigh eile ar chúiseanna éagsúla. Is áit leatromach é ina bhfuil beagáinín solais. Úsáidtear Cillíní Breathnaithe Speisialta do phríosúnaigh “i mbaol” nó do phríosúnaigh shuaiteacha. Bíonn feidhm ag Rialacha Speisialta maidir le príosúnaigh a dtugtar cóiríocht dóibh sna cillíní seo.

Is seanfhaiseanta atá gach cillín sa phríosún. Rinneadh iarracht i mbliana ar gach ceann de na cillíní agus na cinn staighre mórtimpeall a phéinteáil, trí úsáid a bhaint as príosúnaigh ón Aonad Oiliúna i bPríosún Mhuinseo. Ina theannta sin, baineadh póstaer as na ballaí agus soláthraíodh boird chaighdeánacha nua fógraí le haghaidh grianghraf, líníochtaí etc. Tá sláintíocht laistigh den chillín ag gach cillín.

Tarlaíonn fadhb rialta nuair a chinneann príosúnach damáiste a dhéanamh dá chillín, de dheasca frustrachais nó toisca eile. Is cosúil gurb iad tuiliú, na hábhair a chur faoi thine nó na feistis a scriosadh go ginearálta iad na bealaí is coitianta. Bíonn cillíní i gcónaí as feidhm mar gheall air sin agus, cé gur chosúil go bhfuil toilleadh spártha sa phríosún, tá sé riachtanach ó am go chéile an úsáid roinnt cillíní a dhúbailt.

Rinneadh roinnt feabhsúchán i rith na bliana. Déileáladh le gearáin faoi líonóil dhamáistithe agus faoi fhuinneoga briste agus tugadh glantachán feabhsaithe na limistéar go léir isteach. Tá córais nua um chosc dóiteáin á suiteáil ar bhonn céimnithe.

Ar an iomlán, ag féachaint d’aois an phríosúin agus ós rud é nach ndearnadh cinneadh ar a thodhchaí go fóill, bíonn obair á déanamh i gcónaí chun áiseanna a fheabhsú do na príosúnaigh.

Soláthar foirne:

Is mórchúis inní don choiste é leibhéal an tsoláthair foirne, go háirithe sa Cheardlann agus sna Spórtlanna. Táimid eolach go bhfuil an clár claochlaithe ag earcú foirne faoi láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar cheardlanna agus ar fheidhmeanna eile, ach tá an luas ar a bhfuil sé ag tarlú ina chúis inní.

Thugamar faoi deara go minic ar ár gcuariteanna gan choinne go bhfuil na Ceardlanna, Spórtlanna agus Clóis Aclaíochta dúnta de dheasca easpa foirne. Is féidir le Neamhláithreachtaí Foirne, Dualgais Choimhdeachta Cúirte agus fáthanna éagsúla eile a bheith ina gcúis leis na heaspaí seo. Creidimid go bhfuil sé an-doiligh don lucht bainistíochta laistigh den phríosún na háiseanna riachtanacha a chur ar fáil d’fhonn riachtanais na bpríosúnach a shásamh sna cásanna sin. Mar thoradh ar phróifíl aoise

na bpríosúnach, is féidir le heaspa gníomhaíochtaí pleanáilte agus aclaíochta a bheith ina cúis le frustrachas, le teannas agus, corruair, le foréigean. Is cás doghlactha é seo don Choiste agus ní mór é a réiteach a luaite is féidir.

An Leabharlann:

Is limistéar plean oscailte fairsing í leabharlann an phríosúin ina bhfuil stoc mór leabhar, cluichí ríomhaireachta, nuachtáin, seirbhís fóin agus cluichí éagsúla tábla. Is féidir leabhair dhofhaighte a chur ar fáil ach iad a iarraidh. Agus í in úsáid, tá beirt oifigeach príosúin mar fhoireann na leabharlainne, ar leabharlannaí oilte é duine amháin acu.

Úsáidtear an leabharlann ar bhonn laethúil maidin agus tráthnóna agus is féidir le príosúnaigh faoi chosaint rochtain uirthi san oíche freisin. Freastalaíonn idir deichniúr agus cúig phríosúnach déag uirthi sa lá ar an meán.

Bhí roinnt mhaith láithreoirachtaí ar siúl i limistéar na leabharlainne ar fud na bliana faoi ábhair éagsúla amhail feasacht ar dhrugaí, láimhseáil madraí, ainmhithe andúchasacha agus sábháilteacht dóiteáin. Cuireann an tseirbhís leabharlainne deiseanna sóisialta, caitheamh aimsire agus foghlama do phríosúnaigh a bhaineann leas as an tseirbhís agus d'fhéadfadh sé sin faoi seach feabhas a chur ar a muinín, ar a bhféinmheas agus ar a n-ionchais chomhtháthaithe shóisialta tar éis a scaoilte.

Spórtlanna:

Tá ceithre spórtlann in úsáid faoi láthair i bhForas Naomh Pádraig; i sciathán B, i sciathán C, i sciathán D agus san Aonad. Tá na spórtlanna seo feistithe le trealamh nua-aimseartha cardashoithíoch agus traenála meáchan atá oiriúnach do riachtanais na bpríosúnach. Déanann teagascóir cáilithe maoirseacht ar gach spórtlann. Ar an drochuair, tá spórtlann an Aonaid ag feidhmiú gan teagascóir cáilithe ó mhí Iúil/mhí Lúnasa i leith.

Tá táblaí leadóg thábla agus púil sna spórtlanna i sciathán B agus san Aonad le haghaidh úsáid spóirt chaitheamh aimsire. Chuir roinnt príosúnach an tuairim in iúl go bhféilteofaí roimh fháinne dornálaíochta agus trealamh traenála lena mbaineann agus go gcuirfeadh siad le laghdú ar achrainn i measc na bpríosúnach.

Tá na háiseanna thuas ar fáil ar bhonn laethúil ó 10am-12pm, 2pm-4pm agus 5.30pm-7pm. Is féidir le príosúnaigh faoi chosaint úsáid a bhaint as áiseanna spórtlainne ag amanna réamhshocráithe freisin. Mar gheall ar easnaimh foirne, d'fhéadfaí go mbíonn ar phríosúnaigh san Aonad roghnú a dhéanamh ó am go chéile idir an spórtlann agus an clós aclaíochta toisc nach féidir maoirseacht a dhéanamh ar an dá cheann acu ag an am céanna.

Clóis aclaíochta:

Tá ceithre chlós aclaíochta réasúnta mór laistigh de chríocha Fhoras Naomh Pádraig. Is éard atá sna clóis aclaíochta seo ná dromchla bunúsach tarmac agus clúdaítear an limistéar lasnairde le líontán mogaill chun cosc a chur ar an tabhairt contrabhanna ó lasmuigh den bhalla imlíne. Tá roinnt meaisíní aclaíochta an-bhunúsach suite sna clóis seo.

Tá na clóis aclaíochta ar fáil do phríosúnaigh ó 10.30am-12pm agus 2pm-4pm. Is féidir le príosúnaigh faoi chosaint úsáid a bhaint as na clóis seo go pointe níos lú ag

amanna réamhshocraithe. Nuair a cheadaíonn an aimsir, baineann príosúnaigh úsáid as na clóis aclaíochta chun peil a imirt, dul ag spaisteoireacht nó dul ar bhogshodar. Is féidir leo úsáid a bhaint as an trealamh aclaíochta thuasluaite freisin. Baineann príosúnaigh taitneamh as an deis chun “roinnt aer úr a fháil” agus chun suí thart ag déanamh comhrá leis na príosúnaigh eile. Chuireadar an tuairim in iúl freisin gur mhaith leo fonsaí cispheile a bheith ann agus go gcuirfeadh siad éagsúlacht áirithe leis an rogha gníomhaíochtaí.

Oideachas:

Thug 14 phríosúnach faoi Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i mí an Mheithimh 2012 agus iontráladh dalta amháin ar Bhéarla agus ar Mhatamaitic don Ardteistiméireacht. Measúnaíodh 18 iarrthóirí le haghaidh Chreidiúnú FETAC ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4.

Ag gach leibhéal FETAC, soláthraíonn gach sonraíocht comhpháirte a chuirtear i gcrích go rathúil creidiúint ar mhaithe le Dámhachtain Teastais Foghlama Ginearálta. Gnóthaíonn formhór na bpríosúnach a fhreastalaíonn ar oideachas i bhForas Naomh Pádraig comhpháirteanna Leibhéal 2 a sholáthraíonn deiseanna dóibh creidiúnú atá aitheanta níos foirmiúla a ghnóthú.

Ar na ranganna a chuirtear ar fáil do phríosúnaigh faoi chosaint tá Béarla, Ceardaíocht, Scileanna Ríomhaireachta, Ceol – Giotár, Stair, Matamaitic agus Litearthacht. Cuirtear an chuid is mó de na cúrsaí luaite ar fáil ag Leibhéal 2 FETAC. Ar na ranganna a chuirtear ar fáil do phríosúnaigh sa Bhonnaonad tá Litearthacht agus Uimhearthacht, Cumarsáid FETAC, Matamaitic FETAC agus Ealaín FETAC. Is fiú a thabhairt faoi deara gur mhéadaigh líon na bpríosúnach ag freastal ar oideachas faoi chosaint sa bhonnaonad ar fud 2012 agus ina dhiaidh sin.

Cuirtear straitéisí éagsúla chun feidhme le spreagadh a thabhairt do na daoine óga i bhForas Naomh Pádraig, lena n-áirítear:

- Obair na ndaltaí a thaispeáint ar fud an phríosúin agus sa phobal.
- Oibriú le Foireann an Phríosúin chun aitheantas agus duais a thabhairt d'éachtaí na ndaltaí e.g. Gaisce – Dámhachtain an Uachtaráin, Tionscadail na Croise Deirge etc.
- Tacú leis an Scéim Dreasaithe Príosúin.

Áiríodh leis an gclár samhraidh Scéim na nEalaíontóirí sna Príosúin (an Chomhairle Ealaíon), Scéim na Scríbhneoirí sna Príosúin, cuairteoirí ó ghníomhaireachtaí seachtracha, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, agus Zú Bhaile Átha Cliath.

Reáchtálann an Príomhoide, an Treoirchomhairleoir agus an Fhoireann Teagaisc Cláir Réamhscaoilte agus Iarscaoilte. Tugann an Treoirchomhairleoir treoir oideachais ghrúpa agus duine le duine, straitéisí forbartha pearsanta etc. Ar chimiú, cuirtear gach príosúnach faoi agallamh agus tugtar an deis dóibh réimsí ábhair a bhfuil spéis acu iontu a roghnú. Tá feabhsú na leibhéal litearthachta ar cheann de thosaíochtaí na scoile agus tá sé comhtháthaithe i ngach réimse den churaclam.

Freastalaíonn pearsanra na scoile ar chruinnithe foirne ildisciplíneacha agus glacann sé páirt iontu chun torthaí agus spriocanna foghlaimeora in oideachas do na príosúnaigh a chur le chéile, rud a chinntíonn contanam oideachais. Déantar teagmháil le scoileanna lasmuigh den phríosún, le hionaid oideachais neamhfhoirmiúil, le grúpaí nascachta príosúin, le seirbhísí promhaidh, le seirbhísí leasa shóisialaigh agus le Cosáin chun Cláir Iarscaoilte a chur le chéile do phríosúnaigh.

Áiríodh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a tairgeadh do bhaill foirne le linn 2012 ‘Litearthacht a Chomhtháthú ar fud an Churaclaim’, Forbairt Sonraíochta Comhpháirte Leibhéal 2 FETAC, aistriú Leibhéal 4 FETAC chuig sonraíochtaí nua comhpháirte agus coimrí scríbhneoireachta measúnaithe FETAC.

Ceardlanna:

- **Ríomhairí:** Tairgtear Comhscileanna, modúil réamhchúrsa ECDL, Leibhéal 1 City and Guilds sa Cheardlann Ríomhairí. Táirgeann an cheardlann seo méid suntasach oibre e.g. priontáil etc. agus tá an-éileamh uirthi.
- **Scileanna Tionsclaíocha:** Níl aon teastasú ar fáil faoi láthair, ach táthar ag obair ar theastasú City and Guilds do 2013.
- **Cearpantóireacht / Adhmadóireacht:** Níl aon teastasú faoi láthair ach táthar ag lorg ceadaithe le haghaidh Chearpantóireacht Leibhéal 1 City and Guilds do 2013.
- **Bunchúrsa Bia:** Déantar an cheardlann seo sa scoil nua. Teagascar scileanna cócaireachta, sláinteachas, luach cothaitheach bia, agus conas freastal ar tháblaí.
- **Glantóireacht Thionsclaíoch:** Bronntar Teastasú City and Guilds.
- **Cistin:** Teastas Bunsláinteachais Bhia arna bhronnadh ag FSAI. Bhuaigh an chistin cuid mhór dámhachtainí den sórt sin.
- **Scileanna Níocháin:** Níl aon teastasú ar fáil faoi láthair ach táthar ag lorg theastasú Guild of Launderers a thosú i mí an Mhárta 2013.
- **Ceardlann Phéinteála:** Cuireadh deireadh leis an gceardlann phéinteála ag deireadh 2012.
- **Ceardlann Mhiotalóireachta:** Níl an cheardlann seo ag feidhmiú faoi láthair de bharr easpa foirne.

Ní raibh ceardlanna ar siúl uaireanta mar gheall ar an easpa acmhainní daonna a bhí ar fáil de bharr scoir, aistrithe etc. As seo amach, féachfaidh an Comhaontú Claochlaithe do Champas Mhuinseo le haon cheann/gach ceann de na folúntais sna Ceardlanna Oibre agus Oiliúna a líonadh.

Tá roinnt príosúnach ón Aonad Oiliúna i gCampas Mhuinseo ag gníomhú i gcáil meantóra, go háirithe sa chistin, i mbialann na foirne, agus ag cabhrú leis an obair ar na tailte. Tá ag éirí go maith leis an scéim seo faoi láthair.

Chuir príosúnaigh ó Rannóg D tús le Scéim Oibrithe Deonacha Chumann Croise Deirge na hÉireann i mí na Nollag 2012. Is í príomhaidhm na scéime ná go mbeidh príosúnaigh níos meabhraí ar chúrsaí sláinteachais agus sláinte agus go nglacfaidh siad le ról mar ‘éisteoir’ do phríosúnaigh chun idirghabháil a dhéanamh idir baill foirne agus iad féin maidir le haon ábhair inní / fadhbanna atá acu. Tugadh feabhsúchán faoi deara sa líon de phríosúnaigh Chosaint C3 a bhíonn ag freastal ar

cheardlanna agus sa líon príosúnach ó sciathán D agus ó sciathán C a mheascann le chéile sna ceardlanna.

Clár Príosúin agus Promhaidh de chuid Thionscadal Solas:

Díríonn an clár ar mhuinín a thógáil le ciontóirí óga trí thacaíocht mhothúcháinach agus trí chúnamh praiticiúil a fhorbairt, trí sheirbhísí tacaíochta réamhscaoilte agus iarscaoilte. D'éirigh go maith leis an gclár le linn 2012 agus bhí rannpháirtíocht láidir i measc na gciontóirí óga i Rugbaí Leaiste, i Léiriúchán Ceoil agus in Uisceaponaic.

Mar aon le cuid mhór tionscnaimh eile atá ar siúl san Fhoras, tugann an clár seo aitheantas riachtanach do na riachtanais speisialta agus do na riachtanais oiliúnacha atá ag na fir óga atá san Fhoras, daoine atá leochaileach agus faoi bhuntáiste den chuid is mó.

Molann an Coiste Cuairte sa bhealach is láidre go leanfar ar aghaidh le tacaíocht agus le maoiniú a chur ar fáil don chlár. Moltar do pháirtithe a bhfuil spéis acu ann scrúdú níos mine a dhéanamh ar an tionscadal ar an láithreán gréasáin www.solasproject.ie

Reáchtálann Club Peile Bohemians 'cóitseáil pheile' d'ógánaigh ar bhonn démhíosúil. Baineann na príosúnaigh sult as a bheith ag dul i dteagmháil le 'Bohs' agus le Richard Sadler, Imreoir Idirnáisiúnta na hÉireann/Tráchttaire Teilifíse.

An tIonad Cuairteoirí:

Feidhmíonn an t-ionad cuairteoirí mar limistéar fáiltithe/feithimh taobh amuigh den phríosún dóibh siúd atá ar cuairt. Tugadh faoi deara ar roinnt ócáidí go raibh an limistéar seo míshlachtmhar. Tháinig fadhb chun cinn freisin maidir le hoibriú ceann amháin de na leithris do mhná. Réitíodh an fhadhb sin.

Bhí díomá ar an gCoiste Cuairte agus orthu siúd a bhí ar cuairt gur baineadh seirbhísí Chumann Naomh Uinseann de Pól as an limistéar seo. Thairg siad deochanna dóibh siúd a bhí ar cuairt agus bhí siad ar fáil chun labhairt leo i gcónaí.

Ba mhaith leis an gCoiste Cuairte caibinéad taispeána a fheiceáil, rud ina dtaispeánfaí saothair na bpríosúnach ón gceantar seo. Táthar ag súil go gcuirfear roinnt de na bréagáin bhoga a tháirgtear sna ceardlanna ar fáil i limistéar súgartha na leanaí.

Slándáil:

Leantar leis an limistéar slándála a reáchtáil ar bhealach cairdiúil éifeachtúil. Bíonn madra bolaíochta/druaí i láthair do chuairteanna oscailte teaghlaigh. Feidhmíonn sé sin mar chosc breise contrabhanna.

Cé gur tháinig méadú mór ar phatról an Gharda Síochána lasmuigh de bhallaí an choimpléacs, bíonn fadhb go fóill maidir le contrabhanna a bheith á gcaitheamh isteach sna clóis aclaíochta a bhfuil eangach timpeall orthu. Bíonn sé sin go háirithe fadhbach nuair a bhíonn an Garda Síochána imscartha in áiteanna eile. Má éiríonn le contrabhanna dul isteach sa limistéar a bhfuil eangach timpeall air, déantar na clóis a ghlanadh agus a sheiceáil. Ina dhiaidh sin, déantar an contrabhanna a choinneáil agus a chur ar aghaidh chuig na Gardaí.

Leas na bPríosúnach:

Cuairteanna Domhnaigh:

Is féidir cuairt a thabhairt ar an Domhnach anois. Tá sé sin chun tairbhe dóibh siúd a oibríonn i lár na seachtaine nó nach mór dóibh taisteal chun cuairt a thabhairt ar phríosúnach.

Clár na nEachtraí:

Taispeántar i gClár na nEachtraí gach timpiste/eachtra/baint nó athlonnú a tharlaíonn laistigh den phríosún. Taispeántar ann freisin cé acu atá nó nach bhfuil CCTV ar fáil, cé acu a bhí nó nach raibh gá ag príosúnach le coinne leis an oibrí leighis, cé acu a bhí nó nach raibh 'teagmháil dhíreach' ag teastáil agus cé acu a eisíodh nó nár eisíodh foirm P19. Sa chás go ndearnadh an príosúnach a bhaint nó a athlonnú, bíonn nóta ina dtaispeántar cén áit ar tharla an eachtra agus cén áit a ndearnadh an príosúnach a bhaint as/a athlonnú chuige.

Baineann formhór na n-eachtraí le foréigean idir príosúnaigh. Leanann an ghné seo de shaol an phríosúin de bheith ina fadhb.

Ó fhoilsiú Thuarascáil an Chigire, tá laghdú suntasach tagtha ar líon fhoirmeacha P19 a eisítear.

Gearáin Phríosúnach:

Tá múnla nua gearán á thabhairt isteach ar bhonn céimithe. Is é atá sa mhúnla seo ceithre chatagóir gearán ar leith:

Is ionann Gearáin Chatagóir A agus an leibhéal is tromchúisí gearán a bhaineann le líomhaintí faoi ionsaí nó faoi imeaglú. Is é imscrúdaitheoir seachtrach a dhéanann an chigireacht tosaigh. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig Cigire na bPríosún ansin.

Tugadh nós imeachta Gearán Chatagóir A isteach ar an 1 Samhain 2012. Rinneadh ceithre ghearán ó tugadh isteach é. Níor seasadh le dhá líomhain, tá an dá cheann eile fós á n-imscrúdú.

Níor tugadh isteach na catagóirí eile Gearán go fóill.

Réim Dreasaithe:

Oibríonn an clár réime dreasaithe ar thrí leibhéal; bunúsach, caighdeánach agus feabhsaithe. Tosaíonn siad siúd atá ag dul isteach san Fhoras ar leibhéal caighdeánach. Is é iompar an phríosúnaigh a mbeidh ina chúis lena bhogadh suas go dtí an leibhéal feabhsaithe nó síos go dtí an leibhéal bunúsach. Is í an dreasacht do phríosúnaigh ná go bhfaighidh siad níos mó pribhléidí ag na leibhéil níos airde i.e. tuilleadh glaonna teileafóin, tuilleadh cuairteanna, rochtain mhéadaithe ar an siopa milseán agus aisce níos airde. Is iad seo a leanas na leibhéil reatha aisce: bunúsach €0.95, caighdeánach €1.70 agus feabhsaithe €2.20.

Bainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite:

Ní thagann Bainistíocht Pianbhreithe Chomhtháite (ISM) go héasca le struchtúr Fhoras Naomh Pádraig ar roinnt cúiseanna éagsúla. Tá cuid mhór príosúnach ag cur isteach pianbhreitheanna de níos lú ná bliain amháin agus, i gcás príosúnach atá faoi phianbhreitheanna níos faide, aistroidh siad chuig forais eile agus iad 21 bliain d'aois

chun a gcuid pianbhreitheanna a chríochnú. Ina theannta sin, níl aon chomhordaitheoir ISM i bhForas Naomh Pádraig.

In ainneoin na nithe thuas, tá clár i bhfeidhm lena mbaineann an tSeirbhís Promhaidh agus comhlachtaí seachtracha eile a thagann le chéile chun bainistiú a dhéanamh, nuair is féidir, ar riachtanais phríosúnaigh Fhoras Naomh Pádraig sula scaoilfear iad.

Cúrsaí Leighis:

Cimithe:

Ar dhul isteach dóibh san Fhoras, déanann altra nó oibrí leighis scrúdú ar gach príosúnach. Déanann Dochtúir Ginearálta (GP) scrúdú orthu laistigh de 24 uair an chloig freisin. Scagthástáiltear príosúnaigh i gcomhair airíonna meabhairshláinte agus atreoraítear iad dá réir sin.

Lialann:

Soláthraíonn an lialann seirbhís 24 uair. Bíonn triúr ball foirne (oibrí leighis/altraí) ar fáil le linn an lae agus bíonn ball foirne amháin ar dualgas oíche. Ag an deireadh seachtaine, bíonn seirbhís dochtúra ionaid, agus bíonn GP ar glao-dhualgas. Tá Príomhoifigeach Altranais amháin, seisear altraí agus beirt ghiollaí leighis. Tugann gach ball foirne cúram sláinte faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD).

Andúil agus Meabhairshláinte:

Bhí 65 coinne ag Síciatraí Andúile FSS le linn na bliana. Bhí beirt chomhairleoirí andúile freisin. Déantar úranailís dhá uair in aghaidh na seachtaine agus go randamach nuair is gá.

Tá seirbhís shíciatrach inrochtana ar fáil ón Ospidéal Lárnach Mearbhaill agus tairgeann sí 3 sheisiún in aghaidh na seachtaine. Cabhraíonn Cláraitheoir Sinsearach rothlach agus Altra Síciatrach Pobail leis an tseirbhís seo a sholáthar.

Is féidir le príosúnaigh leas a bhaint as seirbhísí síceolaí freisin.

Saoraidí eile:

Is féidir príosúnaigh a scagthástáil i gcomhair Eitinne (TB) agus a vacsaíniú ina haghaidh.

Is féidir le príosúnaigh leas a bhaint as seirbhísí fiaclóra, radharceolaí agus coslia.

Iarchúram:

Taifeadtar na nótaí leighis uile ar Chóras Bainistíochta Sláinte na bPríosún (PHMS). Oibríonn an córas seo ar fud na bpríosún uile agus soláthraíonn sé leanúnachas cúraim dóibh siúd atá ag aistriú chuig príosún eile.

Déantar gach príosúnach a bhfuil tinneas leighis nó meabhrach orthu nó a bhfuil andúil acu a nascadh le seirbhísí pobail sula scaoilfear iad.

Staitisticí:

Agallaimh chimithe a taifeadadh = 1024

Is cúis áthais í nach bhfuair aon duine bás agus é faoi choimeád. Bhí 253 eachtra nó díobháil. Bhain 112 ceann acu le sciorthaí, le tuislí nó le titimí. Tharla 73 ceann acu de bharr racáin nó troda. Bhí 72 eachtra ina n-ionsaithe ag príosúnaigh eile. Bhí 45 eachtra féindíobhála d'aon ghnó; is ionann é sin agus méadú de 24 eachtra i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2011.

Ón 1 Iúil 2012 ar aghaidh, glacadh príosúnach amháin isteach san Ospidéal Lárnach Mearbhaill, atreoraíodh 70 príosúnach chuig an Rannóg Timpistí agus Éigeandála. D'fhreastail 175 príosúnach ar ospidéal le haghaidh coinní othar seachtrach.

Is é dochtúir a dhéanann cinneadh ar cé acu ba cheart nó nár cheart príosúnach a athlonnú i gCillín Breathnaithe Sábháilteachta. Mura mbíonn dochtúir ar fáil, is altra a dhéanann an cinneadh sin. Déantar an próiseas ar fad a thaifeadadh agus a dhoiciméadú go maith.

Tionscnaimh:

Táthar ag súil go mbeidh méadú ar líon na vacsaínithe agus ar an méid feasachta sláinte gnéis i 2013 a bhuí le Tionscnamh Chumann na Croise Deirge. Áireofar leis sin scagthástáil STI agus 'clinic wellman'. Tá an-díograis i measc na foirne leighis maidir le feasacht sláinte na bhfear a chur chun cinn. Chuir príosúnaigh spéis mhór sa tionscnamh seo freisin.

Cruinnithe príosúnach leis an gCoiste:

Tháinig seachtar príosúnach chun bualadh leis an gCoiste i mbliana. Déanann an Coiste iarracht fáilte a chur roimh an gcuariteoir agus é a chur ar a shuaimhneas i gcónaí. Is go hiomlán faoi rún atá gach plé a dhéantar le linn na gcuariteanna seo. Nuair is féidir é, tugtar aiseolas don duine aonair tríd an nGobharnóir chomh luath agus is féidir, laistigh de 24 uair, go deimhin.

Cruinnithe na gCathaoirleach ar Choistí Cuairte Príosúin:

Thar ceann Choiste Cuairte Fhoras Naomh Pádraig, d'fhreastail an cathaoirleach ar roinnt chruinnithe na gCathaoirleach ar na príosúin uile. Tá na cruinnithe seo úsáideach mar go dtugann siad deis do na Cathaoirligh taithí a chomhroinnt ar ghníomhaíochtaí na gcoistí agus plé a dhéanamh ar bheartas agus ar dhualgais na gcoistí.

Aidhmeanna:

Méadú a dhéanamh ar úsáid an naisc Físe leis na cúirteanna.

Leanúint le malairtí ar ghnáthdhaoradh a chothú.

Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí leasmhara chun bainistiú a dhéanamh ar choinneáil príosúnach atá 17 mbliana d'aois.

Forbairt a dhéanamh ar straitéisí dreasachta a spreagann príosúnaigh chun úsáid iomlán a bhaint as an Scoil agus as na Ceardlanna.

Spreagadh a dhéanamh ar thuilleadh gníomhaíochtaí a chuireann rannpháirtíocht idir príosúnaigh chun cinn.

Spreagadh a dhéanamh ar fhostóirí ionchasacha chun cuairt a thabhairt ar ghrúpaí leasmhara agus chun deiseanna fostaíochta a phlé.

Forbairt a dhéanamh ar thuilleadh idirghníomhaíochta trí spórt et al le haonaid eile oideachais.

Conclúid:

Tá áthas orainn an tuarascáil seo a leagan isteach agus táimid den bharúil go bhfuil Foras Naomh Pádraig á reáchtáil ar bhealach an-mhaith i gcónaí ag Gobharnóir agus Foireann phroifisiúnta. Beidh am de dhíth chun freastal ar an dúshlán an athraithe cultúir a aithníodh mar thosaíocht tar éis thuarascáil an Bhreithimh Reilly, tá dul chun cinn á dhéanamh ina leith sin, agus déanfar monatóireacht chúramach air chun comhlíonadh mholtaí agus ardaidhmeanna na tuarascála sin a chinntiú, is é seo an cuspóir aonair is práinní do 2013.

Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl don Ghobharnóir Robins, don Leas-Ghobharnóir Connolly agus don Leas-Ghobharnóir Hughes, don Leas-Ghobharnóir Woods agus don Leas-Ghobharnóir Walsh as an gcomhoibriú a thug siad dúinn. Gabhaimid buíochas an-speisialta le Simon Walsh, arb é ár gCléireach leis an gCoiste Cuairte é. Is mór againn an tacaíocht den scoth a thug sé don Choiste le linn na bliana.

Tá baill an Choiste Cuairte tiomanta dár ndualgas a chomhlíonadh go hiomlán agus do thacaíocht a thabhairt do gach iarracht chun cultúr an fhorais a athrú. Creidimid go bhféadfaí feabhas a chur ar an bpríosún ar bhonn leanúnach. Táimid ag súil le bheith ag obair agus ag comhoibriú go dlúth le Foireann an Phríosúin, leis na Príosúnaigh, le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Denis Murphy Cathaoirleach 2012